Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2025
(OR. en)

6785/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0198(COD)

CODEC 211
COH 14
CADREFIN 21

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 29 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 175 CFAE, faoi bhráid na Comhairle agus an 12 Nollaig 2023 chuir sé togra leasaithe faoina bráid[2].

2. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh maidir leis an togra tosaigh an 5 Nollaig 2012[3] agus maidir leis an togra leasaithe an 17 Aibreán 2024[4].

[1] 9555/18.
[2] 16805/23.
[3] IO C 86, 07.3.2019, lch. 165.
[4] IO C, C/2024/3672, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3672/oj.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra tosaigh an 19 Meán Fómhair 2018[5] agus maidir leis an togra leasaithe an 24 Aibreán 2024[6].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra tosaigh an 14 Feabhra 2019[7] agus ghlac sí a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra leasaithe an 14 Meán Fómhair 2023[8].

5. An 20 Nollaig 2024, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[9], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

6. An 5 Feabhra 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar dearbhaíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air[10].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi mar a leagtar amach in 17102/24 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 17102/24 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil.

8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[5] IO C 440, 06.12.2018, lch. 124.
[6] IO C, C/2024/4060, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4060/oj.
[7] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0118_GA.html
[8] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0327_GA.html
[9] 16772/24.
[10] 6445/25.